



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



SEICLIOSTA DE GHNÍOMHARTHA BAINISTITHE UISCE

GINEARÁLTA

- Déan an méid uisce a úsáideann tú go bliantúil a mheas
- Déan do chostas uisce bliantúil a mheas
- Ainmnigh duine chun monatóireacht a dhéanamh ar uisce
- Déan do chleachtais bhainistithe a athbhreithniú go bliantúil
- Déan monatóireacht ar an uisce a úsáideann an fhoireann
- Déan bealaí a aithint chun an méid uisce a úsáideann tú a laghdú
- Cuir oiliúint ar fáil chun cur le feasacht fostaithe

OIFIGBHUNAITHE

- Úsáid daingneáin chaomhnaithe uisce (mar shriantáin i sconnaí, leithris agus úirinéil)
- Déan seandaingneáin nó daingneáin mí-éifeachtúla a aisfheistiú

LÁTHAIRBHUNAITHE

- Seiceáil an planda le haghaidh sceitheadh uisce agus dramhuisce ar bhonn rialta
- Cas as an t-uisce go dtí limistéir nach n-úsáidtear
- Cuir deireadh le níochán gan ghá
- Déan comhlaí laghdaithe brú a shuiteáil má bhíonn brú ró-ard
- Bí ag smaoineamh ar thíosáocht ar uisce agus trealamh á cheannach agat
- Bí ag smaoineamh ar fhoinsí eile uisce (m.sh. uisce báistí)

CAOMHNÚ UISCE SAN ÁIT OIBRE

Caithfidh tú clár chaomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm i do ghnólacht a bheidh spriocdhírthe ar na príomhlimistéir ina n-úsáidtear uisce. D'fhéadfadh limistéir phróiseála, deilithe, cistineacha agus leithris a bheith i gceist leis sin, ag brath ar do ghnólacht. Tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- » Seiceáil le haghaidh áiteanna a mbeadh uisce ag sceitheadh agus deisigh iad
- » Déan monatóireacht agus tomhas ar úsáid uisce
- » Déan gairis spárála uisce a shuiteáil

CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH CHUN UISCE A CHAOMHNÚ?

- » Déan sconna féindúnta le haerthóirí a shuiteáil
- » Déan úirinéil/cithfholcadáin a fheistiú le gairis chaomhnaithe uisce
- » Déan baill foirne a oiliúint maidir le húsáid uisce
- » Bailigh uisce báistí

BREIS EOLAIS LE FÁIL Ó:
Sinéad Ní Mhainnín nó Mark Molloy
An Rannóg Timpeallachta
Cemhairle Chontae na Gaillimhe

Teil: 091 509 510
E-phost: snimhain@galwaycoco.ie

Páipéar ó fhoraoisí inbhuanaithe



D'FHÉADFADH LOCHT LE SISTÉAL LEITHRIS NÍOS MÓ NÁ €1,000 A CHOSAINT IN AGHAIDH NA BLIANA

Bíodh a fhios agat an méid uisce a úsáideann tú – cuir eolas ar do mhéadar. Tá sé tábhachtach fios a bheith agat cá bhfuil do mhéadar uisce agus conas é a léamh.

COINNIGH AN NÓS IMEACHTA SEO A LEANAS I d'INTINN:

- » Aimsigh an méadar i d'áitreabh
- » Croch an clúdach agus clúdach cosanta chun an diail a thaispeáint
- » Léigh é - léiríonn na huimhreacha dubha méadair chiúbacha (1,000 lítear), is ina leith sin a ghearrtar airgead ort